Rewarding Learning

REVISED GCE AS & A LEVEL

# Specimen extended writing questions with exemplar answers

## Irish

For first teaching from September 2008

For first award of AS Level in Summer 2009
For first award of A Level in Summer 2010

irish

## Section C: Extended Writing

**Context 1: Relationships**

**Read the article below:**

Bíonn brú ar thuismitheoirí i gcónaí ó thaobh oibre de mar is deacair acu an dá thrá a fhreastal – saol na hoibre agus saol an teaghlaigh. Roimhe seo, ní raibh ar thuismitheoirí dhá phost a dhéanamh. Bhí gach rud iontach simplí sna seanlaethanta; duine amháin sa teach agus an duine eile amuigh ag obair. Tá athrú saoil ann ó shin, áfach. Sa lá atá inniu ann, bíonn gach duine ag obair ó dhubh go dubh agus nuair nach mbíonn siad ag obair, bíonn siad ag caitheamh an airgid a shaothraigh siad. Cá bhfaigheann siad an t-am le páistí a thógáil?

**Scríobh alt ar an dearcadh atá agat ar thuismitheoirí a bhíonn ag obair go lánaimseartha.**

**Pléigh na pointí seo i do fhreagra:**

- **Na buntáistí a bhaineann le tuismitheoirí bheith ag obair**
- **Na míbhuntáistí a bhaineann le tuismitheoirí bheith ag obair**
- **Do bharúil féin ar an ábhar.**

**Exemplar Answer**

Sa lá atá inniu ann, bíonn cuid mhór tuismitheoirí amuigh ag obair agus bíonn cuid mhór díospóireachta faoin ábhar seo.

Má bhíonn an bheirt tuismitheoirí ag obair go lánaimseartha, bíonn cuid mhór airgid ag teacht isteach chun an tí agus, mar sin de, laghdaítear fadhbanna a bhaineann le hairgead agus laghdaítear an brú a bhíonn orthu. I gcás mar seo fosta, bíonn níos mó rudaí faiseanta ag na páistí agus bíonn siadsan níos sásta i measc lucht a gcomhaoise.

Deirtear fosta, nuair a bhíonn tuismitheoirí amuigh ag obair, go mbíonn scileanna níos fearr ag na páistí mar foghlaimíonn siad an dóigh le bheith ag obair ar a gconlán féin agus foghlaimíonn siad scileanna bainistíochta a fhanann leo go dtí deireadh a saoil.

Is deas an rud go bhfuil mná na haoise seo ag fáil seans le dul amach ag obair in áit fanacht sa teach lá i ndiaidh lae, seachtain i ndiaidh seachtaine agus iad faoi smúit. Bhí rudaí simplí ceart go leor ach bhí cuid mhór ban nach raibh sásta leis an dóigh a raibh rudaí. Sa lá atá inniu ann, tig le bean ar bith páiste a bheith aici agus filleadh ar

a cuid oibre.  Bíonn neamhspleáchas ag na mná ó thaobh airgid de agus tugann sé seans dóibh rud fiúntach a dhéanamh.  Is buntáiste mór é sin i mo bharúil.

Tá daoine ann, áfach, a deir go n-éiríonn cuid mhór d'fhadhbanna an aosa óig as tuismitheoirí bheith amuigh ag obair agus b'fhéidir go bhfuil an ceart acu.  Tarlaíonn cuid mhór fadhbanna, i mo bharúil féin, nuair nach gcaitheann tuismitheoirí go leor ama lena bpáistí, iad ag obair i rith an lae agus san oíche, b'fhéidir.

In amanna fosta, bíonn frustrachas agus fearg ar na tuismitheoirí nuair a thagann siad abhaile óna gcuid oibre agus bíonn coimhlint sa teach dá bharr sin.  Chomh maith leis sin, téann cuid acu amach ag ól leis an bhrú a laghdú agus déanann siad neamhshuim dá bpáistí.

I mo bharúil féin, tig leat an dá thrá a fhreastal. Sílim gur féidir dul amach ag obair go lánaimseartha a fhad agus go mbíonn tú sásta cuid mhór ama a chaitheamh le do chuid páistí.  Bíonn airgead ag páistí nuair a bhíonn an bheirt tuismitheoirí ag obair go lánaimseartha ach bíonn rudaí eile de dhíth orthu fosta nach dtig a cheannach.

# Context 2: Health and Lifestyle

**Read the article below:**

Riamh anall, d'aithin lucht oideachais go raibh cuid mhór buntáistí leis an taisteal. Is iomaí duine óg a chuaigh ar turas scoile agus a d'fhoghlaim cuid mhór faoi thír eile nó faoi chultúr eile. Cé go bhfuil contúirtí ag baint leis an taisteal agus cé go mbíonn an lucht glas ag gearán faoin truailliú ó na heitleáin, tá níos mó daoine ná riamh sásta imeacht chuig tíortha uile an domhain agus cur lena gcuid eolais. Bíonn siúlach scéalach – agus eolach!

**Scríobh alt ar dhaoine óga agus an taisteal in Éirinn an lae inniu.**

**Pléigh na pointí seo i do fhreagra:**

- **Na buntáistí oideachasúla a bhaineann le taisteal**
- **Na fáthanna a bhfuil níos mó daoine óga ag taisteal na laethanta seo**
- **Na míbhuntáistí a bhaineann le taisteal i saol an duine óig.**

**Exemplar Answer**

Aontaím leis an seanfhocal "Bíonn siúlach scéalach" agus is é an taisteal an dóigh is fearr, i mo bharúil, le cur le do chuid eolais ar thíortha an domhain. An tíreolaíocht bheo – sin an rud is taisteal ann.

Nuair a théim chuig tír eile, is breá liom foghlaim faoi chultúr na tíre sin, faoin cheol, faoi na nósanna agus faoi stair na háite. Tig leat sin a fhoghlaim ó leabhar, ar ndóigh, ach is furasta i bhfad é a fhoghlaim agus tú ag dul thart ó áit go háit. Tig linn rudaí a fhoghlaim ó sheanchultúr na Gréige agus na Róimhe, mar shampla, atá úsáideach i saol an lae inniu.

Tig leat teanga úr a fhoghlaim má théann tú thar lear fosta. Admhaím go dtig sin a dhéanamh ó na leabhair ach, i mo bharúil féin, tá rudaí ann faoi theanga nach bhfoghlaimeoidh tú choíche ó na leabhair. Caithfidh tú an teanga bheo a fhoghlaim ó na daoine a labhraíonn í go rialta.

Tá barúil láidir agam fosta go gcuidíonn an taisteal le daoine forbairt mar dhaoine agus cuid mhór a fhoghlaim faoina bpearsantacht féin agus faoin ról a imríonn siad ina sochaí féin agus ina gcultúr féin. Is minic a spreag turas chun na hEorpa duine le foghlaim faoina thír féin nuair a tháinig sé abhaile.

Sílim go bhfuil ról le himirt ag an Idirlíon sa mhéadú shuntasach i líon na ndaoine a théann thar lear na laethanta seo. Tig le daoine eitiltí a fháil níos saoire ar an Idirlíon gan airgead breise a dhíol le gníomhaire taistil leis an rud a chur in áirithe dóibh. Chomh maith leis sin, tig le daoine a dturais féin a phleanáil agus ní bhíonn orthu "pacáiste" a ghlacadh.

Tá sé i bhfad níos saoire dul thar lear anois ná a bhí fiche bliain ó shin agus, ar a bharr sin, cruthaíonn an teilifís agus an tIdirlíon níos mó suime in áiteanna coimhthíocha ná ba ghnách.

Is beag scoláire nó mac léinn na laethanta seo nach bhfuil post páirtaimseartha acu agus, leis an airgead sin, bíonn daoine óga ag iarraidh éalú ó strus an tsaoil agus a gcuid eiteoga a spré amach sna páirceanna glasa thar lear – áit a bhfuil adharca fada ar na ba!

Le fírinne, ní dóigh liom go bhfuil mórán míbhuntáistí leis an taisteal. Ar ndóigh, caithfidh tú bheith cúramach agus eolas a fháil ar nósanna agus ar chontúirtí na tíre sin sula dtéann tú ann. Cluinimid uilig na scéalta faoi dhaoine óga ar éirigh timpiste dóibh agus iad thar lear ach thiocfadh leis sin tarlú sa bhaile fosta.

Le cuid mhór taistil, thiocfadh le duine éirí míshuaimhneach faoin saol sa bhaile ach, nach raibh muintir na hÉireann mar sin riamh anall? Tagann siad ar ais chuig an seanfhód sa deireadh!

## Context 3: Young People in Society

**Read the article below:**

Cluinimid cuid mhór sa lá atá inniu ann faoin fhógraíocht agus faoin tionchar a bhíonn ag fógraíocht ar an aos óg. Tá an scéal ag iarraidh níos measa de réir a chéile mar, go rialta, tagann lucht déanta na bhfógraí aníos le dóigheanna úra le fógraí a bhrú orainn – rudaí scríofa ar ghluaisteáin; rudaí scríofa ar chúl an bhus; fógraí ar chúl dhoras an leithris san óstán agus tú amuigh oíche Aoine fiú! Is cuma le lucht na fógraíochta cén tionchar a bhíonn acu ar dhaoine óga, a fhad agus go ndíolann siad rud éigin le duine éigin, áit éigin.

**Scríobh alt ar thionchar na fógraíochta ar aos óg an lae inniu.**

**Pléigh na pointí seo i do fhreagra:**

- **Na modhanna fógraíochta is coitianta sa lá atá inniu ann**
- **An tionchar a bhíonn ag an fhógraíocht ar an aos óg**
- **Do bharúil féin ar cad é is féidir a dhéanamh leis an fhógraíocht a laghdú.**

**Exemplar Answer**

Ní féidir fógraíocht a sheachaint; bíonn sí os comhair do shúl agus i do chluasa gach lá.

Le teacht an Idirlín tháinig deis úr le fógraíocht a bhrú orainn agus, is deis iontach éifeachtach é, i mo bharúil.

Dar liom, tá na hirisleabhair slítheánta ó thaobh fógraíochta de. Má osclaíonn tú irisleabhar, bíonn, ar a laghad, leathchuid de na leathanaigh a bhfuil fógra orthu – agus an praghas a bhíonn ar na hirisí céanna!

Ar ndóigh is í an teilifís an modh fógraíochta is láidre i mo thuairim féin, mar tagann sé isteach i do sheomra. Cluineann tú agus feiceann tú na fógraí ar an teilifís. Ní thig le duine ar bith éalú uathu.

Déantar cuid mhór plé ar an tionchar a bhíonn ag an fhógraíocht ar aos óg an lae inniu agus ní dóigh liom go dtig linn cinneadh a ghlacadh air seo, mar go mbaineann sé leis an duine féin agus an intleacht atá aige nó aici.

Tá daoine ann a deir go bhfuil an fhógraíocht mar a bheadh instealladh ann agus go mbíonn tionchar iomlán aici ort. Ar an taobh eile, áfach, thiocfadh leat a rá go bhfuil cuid mhór ag brath ort féin; ní chaithfidh tú dul amach agus an rud a cheannach. Tá daoine cliste go leor le rogha a dhéanamh dóibh féin – nach sin an difear idir muid féin agus na hainmhithe?

Tá dualgas ar thuismitheoirí labhairt lena bpáistí faoin fhógraíocht. Tig leo a chur in iúl do dhaoine óga nach gcaithfidh siad bheith cosúil leis na daoine sna hirisleabhair – nach bhfuil ann ach íomhá fholamh. Tá dualgas ar mhúinteoirí na cleasanna a bhíonn in úsáid ag lucht déanta na bhfógraí a theagasc sa dóigh go dtig le daoine óga a fheiceáil nach bhfuil i gceist ach íomhá tharraingteach le hairgead a mhealladh.

Sílim nach féidir cosc a chur ar an fhógraíocht, ach is dóigh liom go dtig linn scileanna ar leith a thabhairt do dhaoine óga le dul i ngleic léi agus tairbhe a bhaint aisti.